2024/2044

30.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2044 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí agus coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núíosacha atá údaraithe agus atá curtha ar liosta an Aontais a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta an Aontais de bhianna núíosacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Áirítear bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* mar bhia núíosach atá údaraithe i liosta an Aontais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/760 ón gCoimisiún ([3]) údaraíodh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* a chur ar an margadh mar bhia núíosach lena úsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), seachas forbhianna do naíonáin agus leanaí óga.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/938 ón gCoimisiún ([5]) údaraíodh athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*, go háirithe úsáid an bhia núíosaigh a leathnú chun ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú atá beartaithe don phobal fásta.

(6) An 5 Iúil 2020 chuir an chuideachta Skotan S.A. ('an t-iarratasóir') iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283, iarratas ar athrú ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*. Go háirithe, d'iarr an t-iarratasóir úsáid bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* a leathnú chun roinnt bianna a chumhdach.

(7) An 9 Samhain 2020 d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú a dhéanamh ar an leathnú ar úsáid bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* mar bhia núíosach.

([1]) IO L 327, 11.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/2283/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núíosacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núíosacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/2470/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/760 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2019 lena n-údaraítear bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 125, 14.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/760/oj)

([4]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/46/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/938 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* (IO L 125, 11.5.2023, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/938/oj).

(8) An 26 Deireadh Fómhair 2023 ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch uaidh maidir leis an 'Sábháilteacht a bhaineann le leathnú úsáide bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* mar bhia núíosach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283' ([6]) i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

(9) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an leathnú atá beartaithe ar úsáid an bhia núíosaigh bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe, agus dá bhrí sin is iomchuí coinníollacha úsáide bithmhaise giosta *Yarrowia lipolytica* a leasú.

(10) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire, i bhfianaise úsáidí nua-bheartaithe an bhia núíosaigh, gur cheart teorainneacha le haghaidh luaidhe, mearcair, caidmiam agus arsanaice a chur leis na sonraíochtaí.

(11) Leis an bhfaisnéis a sholáthraítear san iarratas agus sa tuairim ón Údarás, tá forais leordhóthanacha ann chun a shuíomh go bhfuil na hathruithe ar shonraíochtaí agus ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh i gcomhréir le coinníollacha Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2015/2283 agus ba cheart iad a fhormheas.

(12) Is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283 san áireamh ar na hathruithe ar choinníollacha úsáide an bhia núíosaigh. I ndáil leis sin, agus úsáidí breise an bhia núíosaigh á gcur san áireamh, is iomchuí athrú a dhéanamh ar na ceanglais lipéadaithe sonracha a bhaineann le húsáid an bhia núíosaigh i bhforbhianna.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2023;21:e8416.

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

(1) i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le ‘bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*’:

Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint sonraí
“Bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*	*Catagóir shonraithe bhia*	*Uasleibhéil*	1. Is é ‘bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*’ ainmniú an bhia núíosaigh a bheidh ar lipéadú earraí bia a bhfuil sé iontu. 2. Forbhianna a bhfuil an bia núíosach iontu, ba cheart ráiteas a bheith orthu nár cheart iad a thomhailt má thomhlaítear bianna eile arna mbreisiú le bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica* ar an lá céanna.”		
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE, seachas forbhianna do naíonáin agus leanaí óga	6 g/lá do leanaí atá 10 mbliana d’aois nó níos sine, d’ógánaigh agus do dhaoine fásta i gcoitinne 3 g/lá do leanaí idir 3 agus 9 mbliana d’aois			
	Ionadaigh ar bhéilí chun meáchan a rialú le haghaidh daoine fásta	3 g/béile (uasmhéid 2 bhéile/lá, suas le huasmhéid 6 g/lá)			
	Bia chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013	I gcomhréir le riachtanais chothaitheacha shonracha na ndaoine a bhfuil na táirgí beartaithe dóibh ach nach mó ná 6 g/lá in aon chás			
	Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear faoi Rialúchán (AE) Uimh. 609/2013	6 g/lá			
	Táirgí bainne neamhbhlaistithe	5 g/kg			
	Táirgí bainne coipthe blaistithe	10 g/kg			
	Cáis agus táirgí cáise; (seachas milseoga)	10 g/kg			
	Leatháin chnó	30 g/kg			
	Táirgí prátaí próiseáilte	10 g/kg			
	Milseogra cócó agus seacláide	10 g/kg			

	Gráin agus gránaigh bhricfeasta	20 g/kg			
	Táirgí pasta-bhunaithe agus núdail	10 g/kg			
	Gránaigh réamhchócaráilte nó phróiseáilte	10 g/kg			
	Arán agus rollaí	6 g/kg			
	Mínearraí báicéara	15 g/kg			
	Táirgí feola teaschóireáilte	15 g/kg			
	Luibheanna agus spíosraí; blastanais agus tarsainn	50 g/kg			
	Anraithí agus bratanna	5 g/kg			
	Anlainn	10 g/kg			
	Sailéid agus leathain neamh-mhilse le haghaidh ceapairí	30 g/kg			
	Giosta agus táirgí giosta	30 g/kg			
	Táirgí próitéine, seachas analóga déiríochta agus gealáin deochanna	30 g/kg			
	Deochanna blaistithe	10 g/l			
	Caife, eastóscáin chaife	20 g/kg			
	Deochanna neamhalcólacha eile	10 g/l			
	Sneaiceanna bunaithe ar phrátaí, gránach, plúr nó stáirse	300 g/kg			
	Cnónna próiseáilte	20 g/kg			

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le 'bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica*':

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
"**Bithmhais giosta *Yarrowia lipolytica***	**Tuairisc/Sainmhíniú:** Is éard atá sa bhia núíosach bithmhais thriomaithe agus mharaithe le teas an ghiosta *Yarrowia lipolytica*. **Saintréithe/Comhdhéanamh:** Próitéin: 45-55 g/100 g Snáithín cothaitheach: 24-30 g/100 g Siúcraí: < 1 g/100 g Saill: 7-10 g/100 g Iomlán na luatha: ≤ 12 % Cion uisce: ≤ 5 % Cion ábhair thirim: ≥ 95 % **Critéir mhicribhitheolaíocha:** Áireamh Iomlán Coilíneachtaí Aeróbacha: ≤ 5×10^3 CFU/g Áireamh Iomlán na nGiostaí agus na Múscán: ≤ 10^2 CFU/g Cealla inmharthana *Yarrowia lipolytica*[a]: < 10 CFU/g (i.e. an teorainn braite) Baictéir dhrólannacha: ≤ 10 CFU/g *Salmonella spp.*: Nár aimsíodh in 25 g **Éilleáin**: Luaidhe: ≤ 0,1 mg/kg Mearcair: ≤ 0,1 mg/kg Caidmiam: ≤ 0,1 mg/kg Arsanaic: ≤ 0,15 mg/kg Giorrúcháin: CFU: aonaid déanta coilíneachta (a) Le tástáil díreach tar éis na céime cóireála teasa. Ní mór bearta a bheith i bhfeidhm chun traséilliú le cealla inmharthana *Y. lipolytica* a chosc le linn phacáistiú agus/nó stóráil an bhia núíosaigh"